**RABHADH**

**Ní mór duit an páipéar ceiste seo iomlán a thabhairt ar ais le do fhreagarleabhar ag deireadh an scrúdaithe, nó caillfear marcanna.**

**Scríobh d'Uimhir Scrúdaithe anseo ⇒**

**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA**

## SCRÚDÚ NA h-ARDTEISTIMÉIREACHTA, 2002

**DÉ CÉADAOIN, 19 MEITHEAMH 2002, MAIDIN 9.30 – 12.00**

# EACNAMAÍOCHT TALMHAÍOCHTA - ARDLEIBHÉAL

**(320 Marc)**

Freagair **cúigdéag** ceist as Roinn I agus **ceithre** cheist as Roinn II. Níor cheart duit níos mó ná uair an chloig a chaitheamh le Roinn I.

### ROINN I (120 marc)

Freagair **cúigdéag** ceist.
Scríobh na freagraí ins na spásanna cuí.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc.

### ROINN II (200 marc)

**Ceithre** cheist le freagairt id fhreagarleabha(i)r.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (50 marc).

**NÁ DÉAN DEARMAD AN PÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LE DO FHREAGARLEABHA(I)R AG DEIREADH AN SCRÚDAITHE.**

# ROINN I (120 marc)

**Freagair 15 ceist.**
**Scríobh na freagraí sna spásanna cuí.**
**Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc.**

**1.** Luaigh na **CEITHRE** chatagóir cinní eacnamaíochta a dhéantar i saormhargaí.

(a) ____________________

(b) ____________________

(c) ____________________

(d) ____________________

**2.** Cén fáth a bhfuil sé deacair an fórsa oibre san fheirmeoireacht a thomhas go beacht?

____________________

____________________

**3.** Conas a dhéantar méid eacnamaíoch feirme a thomhas?

____________________

____________________

**4.** Tá Mórtháirge Talmhaíochta *ag praghsanna an mhargaidh* **móide**_________, **lúide**_________ **cothrom** le MórtháirgeTalmhaíochta *ag costas tosca*.

**5.** Rianaigh **DHÁ** thréith den fheirmeoireacht atá neamhfhabhrach do mhargaíocht éifeachtach.

(a) ____________________

(b) ____________________

**6.** Luaigh an fhoirmle chun **luach láithreach** €10,000 a gheobhaidh tú i gceann 10 mbliana, a ríomh.

____________________

**7.** I gcás lagtrá eacnamaíochta, déan contrárthacht idir an fhreagairt i gcúrsaí táirgeachta idir gnáth-ghnólucht déantúsaíochta agus teaghlach feirmeoireachta.

____________________

____________________

**8.** I dteoiric an éilimh, déan idirdhealú idir earraí **riachtanacha** agus earraí **lagmheasa**.

____________________

____________________

**9.** Cén fáth a mbeadh súil agat go mbeadh praghasleaisteachas an éilimh ar mhairteoil na hÉireann níos airde ar mhargadh na Breataine ná mar a bheadh sé ar mhargadh na hÉireann?

____________________

____________________

**10.** Den €100 a chaitheann tomhaltóir Éireannach ar bhia a thagann as feirmeacha na hÉireann, téann

____________% ar ais chuig na feirmeoirí.

**11.** In eacnamaíocht táirgeachta déantar réigiún na táirgeachta réasúnaí a theorannú ón taobh teicniúil glan do

______________________________________________

**12.** Cad a thuigeann tú le **téarmaí trádála** feirmeoirí?

______________________________________________

______________________________________________

**13.** Luaigh **TRÍ** chúis thábhachtacha atá le cuntais feirme:

(a) ______________________________________________

(b) ______________________________________________

(c) ______________________________________________

**14.** Cad é Clár Seiceála Eallaigh *(Cattle Check Table*)?

______________________________________________

______________________________________________

**15.** Cad é feidhm pháirtbhuiséid?

______________________________________________

______________________________________________

**16.** Baineann institiúidí airgeadais feidhm as **DHÁ** bhun-chritéir chun a shocrú cé bhfaighidh iasachtaí. Cad iad féin?

(a) ______________________________________________

(b) ______________________________________________

**17.** Sainmhínigh táirgiúlacht agus tabhair sampla amháin de chóimheas táirgiúlachta i bhfeirmeoireacht.

______________________________________________

Sampla:______________________________________________

**18.** Luaigh sampla **amháin** de pholasaí cuíchóiriú inmheánach agus sampla **amháin** de pholasaí chuíchóiriú eachtrach.

Inmheánach: ______________________________________________

Eachtrach: ______________________________________________

**19.** Luaitear **TRÍ** bhunphrionsabal leis an gComhpholasaí Talmhaíochta (CAP). Ainmnigh iad:

(a) ______________________________________________

(b) ______________________________________________

(c) ______________________________________________

**20.** Chruthófaí **DHÁ** fhadhb mhóra praghsanna d'fheirmeoirí dá gcuirfí polasaí saorthrádála in áit an CAP. Cad iad féin?

(a) ______________________________________________

(b) ______________________________________________

***Ná déan dearmad an páipéar seo a thabhairt ar ais leis an/na f(h)reagarleabha(i)r a úsáideann tú le Roinn II ag deireadh an scrúdaithe.***

# ROINN II (200 marc)

**Freagair CEITHRE cheist.**
**Scríobh na freagraí don roinn seo i do leabhar freagraí.**
**Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (50 marc).**

**1.** Scríobh cuntas ar phróiseáil déiríochta in Éirinn faoi **ghach ceann** de na ceannteidil seo a leanas:

(i) struchtúr agus úinéireacht an chumas phróiseála

(ii) na príomh-mhargaí

(iii) séasúracht na táirgeachta

(iv) éagsúlú táirgí

(v) difríochtaí idir praghas an bhainne in Éirinn agus praghas an bhainne i dtíortha ar nós na hÍsiltíre agus na Danmhairge.

**[50 marc]**

**2.** Ó'n gClár Comhardaithe seo a leanas atá ag feirm

| *Sócmhainní* | *€* | *Fiachais* | *€* |
|---|---|---|---|
| Seasta | 750,000 | Fadtréimhseach | 100,000 |
| Reatha nó Leachtacha | 100,000 | Fiachais Reatha | 30,000 |
| | | Glanfhiúchas | **?** |
| Iomlán | 850,000 | | **?** |

(i) Ríomh na fiachais iomlána agus an glanfhiúchas


(ii) Luaigh **dhá** shampla de **gach** catagóir sócmhainne agus fiachais

(iii) Ríomh an cóimheas leachtachta don fheirm

(iv) Dearbhaigh an bhfuil an fheirm sócmhainneach nó bancbhriste. Mínigh do fhreagra.

**[50 marc]**

**3.** Taispeánann an léaráid thíos, ag léibhéil éagsúla aschuir, an gaol idir ioncam iomlán agus costais iomlána, agus aisíoc barúlach ar thosca faoi úinéireacht san áireamh.




(i) Cóipeáil an léaráid i do leabhar freagraí. Cuir lipéid ar na haiseanna, chomh maith leis an ioncam iomlán, costais iomlána agus línte costais sheasta.

(ii) Sainaithin leibhéal na gcostas athraitheach ar an léaráid.

(iii) Cén dlí eacnamaíoch atá léirithe ag cruth chuar an chostais iomláin?

(iv) Mínigh conas a thagann tú ar an leibhéal táirgeachta is brabúsaí ar an léaráid.

(v) Mínigh suímh chostais/ioncaim na feirme ag leibhéil aschuir OB agus ON. **[50 marc]**

**4.**

| **Praghas an Bhainne** | **Méid na Táirgeachta Bliantúla ag gach praghasleibhéal** |
|---|---|
| Praghas ar ghalún | Galúin sa bhliain |
| ***€*** | *'00 milliún* |
| 0.60 | 9 |
| 0.70 | 10 |
| 0.80 | 11 |
| 0.90 | 12 |
| 1.00 | 13 |
| 1.10 | 14 |
| 1.20 | 15 |

(i) Tóg cuar soláthair ó na sonraí sa tábla thuas.

(ii) Sainmhínigh praghasleaisteachas an tsoláthair

(iii) Ríomh praghasleaisteachas an tsoláthair de réir mar a athraíonn an praghas ó €0.80 an galún go dtí €0.90 an galún. Déan léirmhíniú ar do thoradh.

(iv) Luaigh na hathróga seachas praghas a mbíonn tionchar acu ar fhreagairt soláthair. **[50 marc]**

**5.** (i) Roinn na tosca nó na hionchuir seo a leanas a mbaineann feirmeoirí úsáid astu, i **dtrí** chatagóir de réir foinse a soláthair agus éilimh:

> Talamh, beathú ainmhithe, spraenna, leasacháin, ábhair thógála, díosal, saothar agus caipiteal.

(ii) Nocht do thuairim faoi phraghsanna na dtosca i **ngach** catagóir.

(iii) Cad iad na difríochtaí is dóichí a bheidh idir na hathruithe ar phraghsanna, le himeacht aimsire, i **ngach** ceann de na trí chatagóir?

**[50 marc]**

**6.** (i) Baineann soláthar rialaithe díreach le breis agus 80% de tháirgeacht talmhaíochta na hÉireann. Déan cur síos ar an gcineál sin soláthair rialaithe i **ngach** ceann de na cásanna seo a leanas:

(a) Bainne
(b) Biatas siúcra
(c) Gránaigh.

(ii) I gcás an bhainne, cén difríocht atá idir an gcóras praghsála srathach mar a bhí in Éirinn sna blianta 1969/1971 agus an córas soláthair rialaithe atá ann faoi láthair.

**[50 marc]**

***Ná déan dearmad an páipéar seo a thabhairt ar ais leis an/na f(h)reagarleabha(i)r a úsáideann tú le Roinn II ag deireadh an scrúdaithe.***